II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/1731 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meán Fómhair 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE maidir leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, atá i gceangal le Comhaontú LEE (Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([2]) agus go háirithe Airteagal 58(2), pointe (b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([3]) ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE a chinneadh Prótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse ("Prótacal"), atá i gceangal le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Ba cheart do Stáit CSTE LEE leanúint de bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Aontais a bhaineann le líne bhuiséid PA 13 17 01 (Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta), a iontráladh i mbuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2021.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a leasú chun go mbeifear in ann leanúint den chomhar leathnaithe seo ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh.

(5) Ba cheart seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE, dá bhrí sin, a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE,

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lgh 6.
([2]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([3]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE maidir leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, atá i gceangal le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE ([4]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. DOVŽAN

([4]) Féach doiciméad ST 10932/21 ar http://register.consilium.europa.eu